



# ELeathanach 469




Dé Máirt, an 20 Bealtaine 2024



## Lá Domhanda na mBeach





coirceog beach

sciathán



Titeann Lá Domhanda na mBeach ar an 20 Bealtaine gach bliain. Is lá é seo chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le beacha agus le feithidí eile.

Tá beacha an-tábhachtach toisc go dtógann siad pailin ó bhláth go bláth agus iad ag eitilt timpeall. Gan an phailin seo ní bheadh a lán glasraí agus torthaí ag fás.

Is maith le beacha bláthanna. Má tá tú ag iarraidh cabhrú leo, is féidir leat bláthanna, glasraí agus torthaí a chur sa ghairdín. Bíonn feachtas ann gach mí Bealtaine *No Mow May*. An mhí seo ba chóir dúinn ligean don fhéar agus do na bláthanna fás. Beidh níos mó pailine ann ansin do na beacha agus feithidí eile.

Tá fíricí spéisiúla faoi bheacha ar shuíomh *An Post*. Mar shampla, an raibh a fhios agat go mbíonn beacha ag greadadh a gcuid sciatháin níos mó ná 200 uair gach soicind. Féach ar an suíomh chun níos mó a fhoghlaim: https://www.anpost.com/Community/Activitiesforstudents/La-Domhanda-na-mBeach

## Taispeántas *Lego* i mBaile Átha Cliath

Is tógálaí gairmiúil *Lego* é Ryan McNaught. Seo an post atá ag Ryan, tógann sé rudaí ag úsáid *Lego*.

Tá taispeántas *Lego* ag Ryan agus a fhoireann agus tá sé i mBaile Átha Cliath faoi láthair.

Tá an taispeántas bunaithe ar litreacha na haibítre, agus tá níos mó ná 200 struchtúr ar an iomlán mar chuid den taispeántas. Tá níos mó ná milliún píosa *Lego* in úsáid sa taispeántas.

Is taispeántas idirghníomhach é, agus beidh sé ar oscailt go dtí mí Lúnasa.




## Corn eile ag Manchester City




Bhuaigh Manchester City an cluiche sacair i gcoinne West Ham United ag an deireadh seachtaine.

Fuair Phil Foden cúl do Man. City sa dara nóiméad agus ceann eile níos déanaí sa leath. Cé go bhfuair West Ham cúl roimh an mbriseadh, fuair City cúl amháin eile sa dara leath agus chríochnaigh an cluiche leis an scór 3-1.

Mar gheall ar an mbua sin sa chluiche, chríochnaigh City sa chéad áit sa Phríomhshraith. Is é seo an ceathrú bliain as a chéile go raibh an bua acu sa chomórtas seo.

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta